# SIÚLÓID NA nIONTAS
# BAILE PHIB



FARDAL NÁISIÚNTA *na* hOIDHREACHTA AILTIREACHTA

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## TREOIR

Is féidir **SLITE SIÚLÓIDE** eile a íoslódáil saor in aisce

### DÉAN 'SIÚLÓID NA nIONTAS' TRÍ BHAILE PHIB:

- Téigh ag spaisteoireacht ar fud an cheantair, tabhair faoi deara leideanna don tsúil i mbun do chuid siúil, agus cíor scéal an tsráidbhaile de réir mar is léir ón bhflúirse gnéithe ailtireachta san áit.
- Caith deich nóiméad ag aimsiú ghnéithe éagsúla na tóraíochta taisce ailtireachta, nó déan go réidh agus bain sásamh as turas treoraithe faoi do stiúir féin trí Bhaile Phib.
- Súile feannta, breathnaigh in airde, scrúdaigh in íochtar agus seachas aon ní eile, DÉAN IONTAS!






buildingsofireland.ie

Lean linn

## TÓRAÍOCHT TAISCE

CÉ MHÉAD DE NA GNÉITHE SEO A THUGANN TÚ FAOI DEARA FAOI BHUN SPUAIC EAGLAIS NAOMH PEADAR?




## SCÉAL BHAILE PHIB

D'fhorbair Baile Phib feadh an Chuarbhóthair Thuaidh a leagadh amach as an nua ag deireadh na 1700idí. Bhí an ceantar nasctha trí spor leis an gCanáil Ríoga sa bhliain 1801, agus leis sin tugadh isteach leathnú tráchtála agus cónaithe. Sna 1840idí le tógáil an Midlands and Great Western Railway a stádas a dheimhiú mar mhol iompair lenar nascadh bóithre, uisce agus iarnród.

Faoi dheireadh an 19ú haois ba bhruachbhaile rathúil de chuid na cathrach é Baile Phib. D'fhorbair Cúinne Uí Dhúill mar an t-ionad tráchtála le bainc bhreátha, tithe poiblí agus áitribh mhiondíola. Ar an taobh thiar, méadaíodh Eaglais Naomh Peadar le linn na tréimhse, níor cuireadh a spuaic shuntasach leis go dtí go luath sna 1900idí. Le teacht na dtramanna spreagadh tuilleadh fáis agus tógadh ardáin brící dearga do na meánaicmí a bhíodh ag taisteal. Go luath sa 20ú haois rinneadh baile Chlub Peile na Boihéime de Pháirc Chnocán Uí Dhálaigh, rud a thug racht an tslua, rithim an cheoil, agus scleondar lá an chluiche chuig an gceantar.

Sa lá atá inniu ann, is Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) é Baile Phib. Aithnítear leis an ainmniúchán seo a shaincharachtar ailtireachta, sóisialta agus stairiúil speisialta agus tacaíonn sé le cosaint agus feabhsú na hoidhreachta tógtha. In éineacht le hiarrachtaí tiomanta na gcónaitheoirí áitiúla agus na ngrúpaí pobail, cabhraíonn ACA lena chinntiú go léirítear meas ar leith ar charachtar uathúil na coda seo den chathair a bhfuil an-dúil inti, go mbaintear taitneamh aisti, agus go ndéantar í a shealbhú do na glúnta atá le teacht.

**An mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi Limistéar Caomhantais Ailtireachta Bhaile Phib agus Limistéir Chaomhantais Ailtireachta eile sa chathair? Déan teagmháil le hOifig Chaomhantais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.**



*Táthar an-bhuíoch de mhuintir na háite as an gcúnamh maidir leis an mbealach siúlóide a leagan amach.*

## CUIR TIC LEIS NA BOSCAÍ ☑ DE RÉIR MAR A FHEICTEAR AN tIONTAS DUIT

### 1. LEABHARLANN BHAILE PHIB ☐

Tá sí seo ar cheann de cheithre leabharlann a dhear ailtire Bhardas Bhaile Átha Cliath, Robert Sorely Lawrie, i rith na 1930idí. B'fhéidir go bhfuil cur amach agat ar na craobhacha eile ag Droim Conrach, Inse Chór agus an Rinn. Lonraíonn suí-léas sholas nádúrtha an lae isteach go fairsing ar na fuinneoga móra ar a bhfuil frámaí miotail sa seomra léitheoireachta.



*Ar an gcúinne, soir ón leabharlann agus i bhfolach taobh thiar de na toir, tá iar-Scoil Náisiúnta Dhroichead Blaquiere. Bunaíodh an scoil sin go luath sna 1800idí agus d'fhan sí ar oscailt go dtí go maith isteach sa 20ú haois.*

### 2. DROICHEAD BLAQUIERE ☐

An mbeadh a fhios agat go bhfuil tú i do sheasamh anois ar shuíomh droichid? Tógadh é sna 1790idí agus é ainmnithe i ndiaidh stiúrthóir de chuid Royal Canal Company, d'iompair an droichead an Cuarbhóthar Thuaidh thar spor den Chanáil Ríoga. Le breis is céad bliain, rith báirsí anuas, ar a mbealach go dtí an cuan agus ón gcuan ag an gCloch Leathan. Faoi thús na 20ú haoise bhí laghdú tagtha ar thrácht na canála agus faoi 1930 bhí an líne líonta isteach.



Maireann imlíne an spoir, agus é athshamhlaithe anois mar pháirc líneach.




B'fhéidir gur thug tú faoi deara freisin an dá mharcóir eibhir agus plaiceanna iarainn teilgthe an dá thaobh den iar-dhroichead. Is marcóirí barda iad sin, a úsáideadh tráth chu,n toghcheantair a léiriú.

*Le dealbh de shaighdiúir ar a ghlúine déantar comóradh ar bhaill de Bhriogáid Bhaile Átha Cliath de na hÓglaigh Éireannacha, a throid agus a fuair bás in Éirí Amach na Cásca agus i gCogadh na Saoirse. Leo Broe, a rugadh i mBaile Átha Cliath, a bhí ina bhall de na hÓglaigh, a dhealbhaigh é. Ionchorpraíodh sé tobair óil ar dtús ag a bhun.*

### 3. IAR- MUNSTER AND LEINSTER BANK ☐

Caith súil ghéar ar an iarbhanc seo, a dhear ailtirí McDonnell & Dixon i dtús na 20ú haoise. Tá an monagram M&L le feiceáil i roinnt áiteanna ann. An féidir leat na suaitheantais shnoite lena samhlaítear an dá chúige in ainm an bhainc a fheiceáil freisin? Is do Chúige Mumhan atá na trí choróin agus is do Chúige Laighean atá an chláirseach.



### 4. AGHAIDHEANNA SIOPA BHAILE PHIB ☐

Milsíneoirí, coinnealóirí, éadaitheoirí — liostaíodh go leor gnólachtaí anseo i ndeireadh an 19ú haois! Bí ag faire amach do na braic chonsól adhmaid ornáideacha atá fós le feiceáil ag Uimh. 61 agus Uimh. 63. Is minic a bhí braic shnoite mhionsaothraithe le feiceáil in aghaidheanna traidisiúnta na siopaí a úsáideadh mar fhráma ar ainm an tsiopa agus chun é a dhéanamh níos tarraingtí don tsúil.

*Agus tú ag dul thart ar an gcúinne ar ais ar an gCuarbhóthar Thuaidh, bí ag faire amach don phlaic chuimhneacháin i gcuimhne ar Sheán Healy. I mBaile Phib a rugadh é, leis an bplaic seo marcáiltear an láthair inar maraíodh é le linn na Cásca 1916. Ba é Healy ar thaobh na bPoblachtánach an duine ab óige a maraíodh go tubaisteach.*

### 5. FOIRGNIMH THRÁCHTÁLA ☐


Leis an ardán seo de shiopaí aon stór den chuid is mó agus léirítear athrú radacach ar shráid-dreach luath na 20ú haoise. Tógadh aonaid tráchtála nua i ngairdíní tosaigh réadmhaoine tí atá ann cheana, ag freastal ar riachtanais an daonra áitiúil atá ag fás. An féidir leat an dá phlaic chomhionanna ar a bhfuil "Commercial Buildings" inscríofa a fheiceáil, ag gach ceann den ardán?

*Ar do bhealach go dtí an chéad stad eile rachaidh tú thar phasáiste a leanann ar aghaidh chuig Ascaill Bhaile Phib, bí cúramach nach gcailleann tú é!*

*Tá teach brící dearga ag an gceann thall, a deirtear go háitiúil gurb é an teach is sine i mBaile Phib é.*

### 6. IARSHÉIPÉAL na mBAISTEACH ☐

An Eaglais Dhearg a thugtar uirthi, agus meabhraítear dúinn le hiarShéipéal sainiúil na mBaisteach seo fás na bpobal neamhaontach le linn dheireadh na 19ú haoise agus tús na 20ú haoise. Féach ar na snoiteáin mhaisiúla timpeall na ndoirse, an féidir leat an tagairt do Hugh Latimer, seanmóirí Reifirméisin ón 16ú haois, a fheiceáil?



### 7. AN CUARBHÓTHAR THUAIDH ☐

Leagadh an Cuarbhóthar Thuaidh amach ag deireadh na 18ú haoise mar chuid d'fháinne mór búlbhard de chuid Bhaile Átha Cliath. Is ann a tharla gach cineál gné de shaol na cathrach: bhíodh eallach ag tormáil síos tríd tráth, ar a mbealach ón margadh ag Sráid na Prúise go dtí Calafort Bhaile Átha Cliath; mháirseáil reibiliúnaigh síos tríd le linn 1916; agus tagann lucht leanúna peile tríd ina sluaite fós laethanta a mbíonn cluiche ar siúl, mar a dhéanann siad a mbealach go Páirc Chnocán Uí Dhálaigh. Ar feadh an dá thaobh de tá tithe, séipéil, tithe tábhairne, ospidéil agus fiú príosún.


### 8. TITHE SEOIRSEACHA ☐

Léiríonn an bheirt atá beagnach díreach mar an gcéanna forbairt an tí cathrach galánta Seoirseach go scála fo-uirbeach níos eacnamaí go luath sa 19ú haois. Leanann an dearadh de bheith ag brath ar chomhréireanna clasaiceacha agus ar shocrúchán ordaithe fuinneog agus doirse. Tabhair faoi deara a bhfeanléasacha íogaire, tá siad sin éadomhain chun freastal ar an airde níos ísle urlár-go-síleáil de na tithe níos dlúithe.
Bhí cuid mhaith de na hábhair thógála fós lámhdhéanta ag an am, an obair bhríce ina measc, lena dtaispeántar éagsúlachtaí caolchúiseacha i ndath agus uigeacht.



### 9. FUINNEOGA HARRY CLARKE ☐

Agus é suite ar láthair shuntasach ag an ngabhal sa bhóthar, téann séipéal Naomh Peadar chomh fada siar leis an dara leath den 19ú haois. Áirítear ar a taobh istigh saibhir maisithe dhá fhuinneog a rinneadh a choimisiúnú ag an dearthóir gloine dhaite is mó cáil i mBaile Átha Cliath, Harry Clarke. Cruthaíodh na fuinneoga i Séipéal na Marbh as mósáic d'fhuíollghearrthóga níos lú, agus iad curtha i dtoll a chéile ag a cheardlann isteach i gcálascóp a raibh dath saibhir agus mionsonraí casta ag baint leis. An féidir leat an dara sraith fuinneoga le Clarke a aimsiú?



*Agus tú ag fágáil, stop faoi bhun na spuaice 60m ar airde, sainchomhartha sa cheantar máguaird ó thús na 1900idí. Tóg deich nóiméad chun saibhreas na sonraí inár dTóraíocht Taisce a fháil amach.*

### 10. ARDÁN CHNOCÁN UÍ DHÁLAIGH ☐

Breathnaíonn Ardán Chnocán Uí Dhálaigh an-difriúil leis an bpéire tithe luath sa 19ú haois ar an gCuarbhóthar Thuaidh. Taispeántar ann na blasanna athraitheacha i ndearadh intíre ag deireadh na 19ú haois. Níl na díonta i bhfolach taobh thiar de bhallaí uchtbhairr a thuilleadh, cuireann na báfhuinneoga uilleacha fuinneoga éagsúlacht ar fáil, agus tá méadú tagtha ar na mionsonraí maisiúla. Tabhair faoi deara an bríce dearg déanta ag meaisín agus terracotta maisiúil in áit an bhríce lámhdhéanta a bhíodh ann leis na blianta roimhe sin.



### 11. FOIRGNEAMH NA STÁBLAÍ ☐

Ar chúl Uimh. 1 Ardán Chnocán Uí Dhálaigh tá foirgneamh stáblaí ann do na capaill, sularb ann do gharáiste an lae inniu! Le teacht an ghréasáin tramanna, d'imigh an gá le stáblaí a bhain le tithe. Tabhair faoi deara na gnéithe maisiúla atá ar an ingearchló is féidir a fheiceáil ón teach. Cuir é seo i gcomparáid leis an taobh agus leis an gcúl, cad a thugann tú faoi deara?

*Ag deireadh an lána tá Páirc Chnocán Uí Dhálaigh. Tá 'Bohs' ag imirt anseo ó 1901, nuair a bhog siad ó Pháirc an Fhionnuisce. Le fada an lá ar a dtugtar an "Home of Irish Football" d'óstáil Cnocán Uí Dhálaigh cluichí gan áireamh, d'imir Pelé anseo i 1972, chomh maith le ceolchoirmeacha, ó Black Sabbath go Bob Marley.*



*Ar laethanta na gcluichí fós feictear na sluaite ag dul thairis, agus tithe tábhairne agus siopaí fíorghnóthach, mar atá déanta acu leis na glúnta.*


### 12. LÁITHREÁN AN IAR-IOSTA TRAMBHEALAIGH ☐

Meabhrúchán caolchúiseach é an ché brící seo ar am nuair a bhí an ceantar ina mhol do ghréasán tramanna na cathrach. Tógadh é sna 1870idí mar chuid d'Iosta na Cabraí do North Dublin Street Tramways Company, faoi thús an chéid bhí sé leathnaithe le bheith ar cheann de na cinn is mó i mBaile Átha Cliath.
Ar feadh na mblianta fada, bhíodh macalla sa cheantar i gcónaí ó fhuaim na dtramanna go dtí gur dúnadh an t-iosta sna 1940idí.



### 13. CÚINNE UÍ DHÚILL ☐

Tá Cúinne Uí Dhúill ar cheann den iliomad acomhail i mBaile Átha Cliath atá ainmnithe de réir úsáid an phobail seachas de réir na hoifigiúlachta. Ar feadh na mblianta tugadh Cúinne Uí Dhonnchaidh, Dunphy's Corner air, agus ba shainchomhartha é ar bhealaí sochraide go Glas Naíon. D'éirigh sé chomh haitheanta sin gur fhorbair 'Rounding Dunphy's Corner' ina shofhriotal áitiúil d'aistear deireanach an tsaoil. Faoi thús na 1900idí bhí John Doyle tar éis siopa grósaera agus ceannaí fíona a bhunú ag Uimh. 66, agus lean an t-ainm de réir a chéile. Oscail do shúile! An féidir leat a monagram a fheiceáil? Deirtear go raibh an teach tábhairne ar an gcúinne os a choinne ag Uimh. 160 ina láthair óil ab fhearr le Albert Pierrepoint, a d'oibrigh na crochmhaidí i bPríosún Mhuinseo in aice láimhe. Duine de na básadóirí is bisiúla sa 20ú haois, bhí Pierrepoint i gceannas ar an mbású deireanach a bhí le reáchtáil ag Muinseo sa bhliain 1954.



*Bí ag faire amach don chomharthaíocht sráide ghlas dhátheangach sa Chló Gaelach. Bhí an cló ornáideach Gaelach seo le feiceáil den chéad uair i dtús na 1900idí mar chuid d'athbheochan na Gaeilge agus na hoidhreachta.*

### 14. ARDÁN BRÍCÍ ☐

Tá bríceadóireacht dhathúil agus sonraí terracotta a bhaineann leis an tréimhse mar shaintréith den ardán tráchtála seo ag deireadh na 19ú haoise. Chuir an National Bank an aghaidh eibhir ag an ionad isteach le linn na 1930idí luatha chun an daingne a chur in iúl agus chun láithreacht láidir a chruthú sa chomharsanacht.

*Sula gcríochnaíonn tú an rian, bí ag faire amach do na céimeanna eibhir ag taobh na leabharlainne. Deirtear gur thug siad seo rochtain ar chosán tarraingthe na Canálach Ríoga agus gur meabhrúchán ciúin iad ar am a raibh Baile Phib i gceartlár cheann de na moil iompair is gnóthaí in Éirinn.*

# BHAILE PHIB

## LIMISTÉAR CAOMHANTAIS AILTIREACHTA

# SLÍ SIÚLÓIDE

### PHIBSBOROUGH

**SIÚIL AN tSLÍ LEIS NA LEIDEANNA DON tSÚIL NÓ STOP ANSEO AGUS ANSIÚD AG DÉANAMH IONTAIS...**




### Cad é an bunús le sráidainmneacha?

Tagraíonn Banc na Canálach Ríoga d'iar-sporlíne na Canálach Ríoga, a chríochnaigh ag cuan na Cloiche Leathain. Bhaintí úsáid as uisce ón spor chun an taiscumar poiblí a chothú ag Abhantrach Shráid Bhaile Coimín.

### NODA AN MHAPA

- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Slí Siúlóide 0.9km
- Uimhir na Slí
- Uimhir na leideanna don tsúil
- Páirceáil
- Radharc scéimhe
- An Leabharlann

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

FARDAL NÁISIÚNTA *na* hOIDHREACHTA AILTIREACHTA

Studio Myco

James Grieve Architects